IS MIṪID SCRUDÚ COINSIASA FA'N ṠAELTAĊT

(Ar lean. ó leaṫ. 1)

COISTÍ FORBARṪA

Ċom maiṫ le muintir na Gaeltaċta a spreagaḋ ó ṫaoḃ na Gaeilge de. d'ḟéadfaḋ craoḃaċa den Ċonraḋ iad a ṫaḃairt le ċéile mar ċoistí forbarṫa i gcúrsaí eacnamaíoċta; tá géarġá le coistí deonaċa mar sin ċun riaċtanais gaċ ceantair a ṗlé agus moltaí fiúntaċa a ċur ar aġaiḋ ċuig coistí oifigiúla a bunaíoḋ le déanaí, coistí a ḃfuil sé mar ċúram speisialta ortu forbairt eacnamaíoċ na gceantar Gaeltaċta a ċur ċun cinn. Tá suim ar leiṫ agamsa sna coistí oifigiúla seo mar tá stiúr-ṫóirí áitiúla Roinn na Gaeltaċta mar ċaṫaoirliġ ortu agus beiḋ a gcuid moltaí ag teaċt ċugainn sa Roinn.

FAOI ĊOMAOIN

Tá náisiún na hÉireann faoi ċomaoin ag muintir na Gaeltaċta de ḃarr gurb iad a ċoinniġ an teanga Ġaeilge beo, agus is cóir féaċaint ortu mar ḋaoine ar a ḃfuil cúram "tobar fíor-ġlan na Gaeilge." I láṫair na huaire ní dóiġ liom go ḃfuil teaċt mar ba ċóir ag an bpobal foġlaimeoirí ar an saiḃreas Gaeilge atá sna ceantair Ġaeltaċta. Is é rud a ḃeaḋ ar intinn agamsa, dá n-éirioḋ leis an gConraḋ cuid maiṫ craoḃaċa láidre a ḃunú ar fud na Gaeltaċta, go mbeaḋ ceangal cairdeasa agus comoibriṫe ar gaċ craoḃ lasmuiġ den Ġaeltaċt le craoḃ éigin laistiġ — go mbeaḋ comċruinniú acu i dteannta a ċéile uair nó ḋó sa ḃliain agus go dtaḃarfaidís cuairteanna ar a ċéile go rialta. Go háiriṫe ḃeinn ag súil go ḃféadfaí tuilleaḋ Gaeilgeoirí fásta a ṁeallaḋ ar ċuairt ċun na Gaeltaċta. Measaim naċ ḃfuil atmaspéar is fearr ann ċun foġlaimeoir fásta a ċur ar a ṡuaimhneas ó ṫaoḃ labairt na Gaeilge ná atmaspéar na Gaeltaċta. Ina ṫeannta sin, cibé amras a ḟéadfaḋ a ḃeiṫ ann mar ġeall ar ḋáiríreaċt an ṗáiste a ċuirfí ċun na Gaeltaċta ag foġlaim na Gaeilge, ní ḟéadfaḋ aon amras a ḃeiṫ ann mar ġeall ar an duine fásta a raċaḋ ann as a stuaim féin. Aiṫníonn muintir na Gaeltaċta an méid sin agus bíonn meas acu dá réir ar an bfoġlaimeoir fásta. Measaim go ḃféadfaḋ an Conraḋ go leor a ḋéanamh d'ḟonn suim na ndaoine fásta sa Ġaeltaċt a ċoṫú.

SCÉIMEANNA DO ĊONRAIṪEOIRÍ

Tá scéimeanna ag Roinn na Gaeltaċta atá ag feiṫeaṁ le freastal ar Ċonraiṫeoirí. Tá Scéim na Scoláireaċtaí Saoire ann atá ag dul ar aġaiḋ go maiṫ aċ ar féidir tuilleaḋ mór feiḋme a ḃaint aisti. Ba ċóir go mbeaḋ de ċuspóir ag gaċ craoḃ den Ċonraḋ scaipṫe páistí as a gceantar féin a ċur ċun na Gaeltaċta ar feaḋ tréimse gaċ samhraḋ.

TÁ OS CIONN 7,000 PÁISTE AG DUL ĊUN NA GAELTAĊTA GAĊ BLIAIN FAOIN SCÉIM SEO AĊ NÍ ḂEIMÍD SÁSTA GO DTÍ GO MÉADÓFAR AN FIGIÚR SIN FAOI ḊÓ NÓ FAOI ṪRÍ.

Tá Scéim na Scoláireaċtaí Cónaiṫe ann freisin faoina dtugann an Roinn deontas £20 i leiṫ gaċ páiste bunscoile a ċaiṫeann téarma amháin ag freastal scoile sna Gaeltaċtaí is fearr. Tuigtear dom go ḃfuil craoḃ amháin ar a laġad den Ċonraḋ ag cur spéise sa Scéim seo, aċ ní feicimse cé'n fáṫ naċ ḃféadfaḋ mórán eile craoḃaċa ḃeiṫ páirteaċ inti. Is eol dúinn go n-éiríonn leis na páistí a ṫéann ċuig an nGaeltaċt faoin scéim seo blas agus ceart na Gaeilge a ṫaḃairt leo go hiontaċ maiṫ in imeaċt téarma scoile. Tá súil agam go dtacóiḋ Conraiṫeoirí go tréan leis an scéim seo.

BRÚ AGUS SEALLAÍ

Tá deontais le fáil ón Roinn freisin ag coistí iontaofa de ṡaġas craoḃaċa den Ċonraḋ ċun grúpa seallaí saoire agus ċun brúnna a ṫógáil sa Ġaeltaċt d'ḟonn freastal ar ḋaoine a ḃeaḋ ag dul ċun na Gaeltaċta ċun an Ġaeilge a ḟoġlaim nó ċun feaḃas a ċur ar a gcuid Gaeilge. Tá £6,000 le fáil as brú a ṫógáil agus tá deontas £300 le fáil in aġaiḋ gaċ sealla saoire a ṫógfaí—aċ ceiṫre cinn ar a laġad a ṫógáil le ċéile. Sílim go mba ċóir go ḃféadfaḋ craoḃ nó ḋó ar a laġad den Ċonraḋ dul i mbun na hoibre seo agus geallaim dóiḃ go mbeiḋ caḃair agus comhairle Roinn na Gaeltaċta le fáil acu go fial.

LAEṪA SAORA

Luaitear bealaċ ó am go h-am, cé nár triaileaḋ go fóill é, ċun an Ġaeilge a leaṫnú ar fud na hÉireann. Daoine óga ón nGaeltaċt a ṫaḃairt ar cuairt ar feaḋ tréimse i dtiṫe na Galltaċta atá i gceist agam. Ba ḃreá an rud é dá ḃféadfaḋ roinnt páistí Gaeltaċta tamall a ċaiṫeaṁ gaċ bliain le teaġlaiġ ar fud na hÉireann: ba laeṫa saoire do na páistí féin é agus tá mé cinnte go mbainfidís taiṫneaṁ as a leiṫéid. Agus ós rud é go mbeaḋ na páistí sin ag taḃairt Gaeilge na Gaeltaċta leo, ḃeaḋ seans iontaċ ag na teaġlaiġ a mbeidís ag fanaċt leo teaċt isteaċ go héasca ar ḃlas agus ar ċeart na Gaeilge. Ba ṁaiṫ an rud é dá ḃféadfaḋ Conraiṫeoirí anseo ⁊ ansiúd sa Ġalltaċt an smaoineaṁ seo a ċur i ngníoṁ ina dteaġlaiġ féin.

GAN AIRD CEART

Tiġ le Conraiṫeoirí mórán caḃraċ a ṫaḃairt san obair atá romhainn. Tiġ leo, go háiriṫe, cuairt a ṫaḃairt ar an nGaeltaċt ní hamháin ċun tuilleaḋ eolais a ċur ar an teanga aċ ċun aiṫne a ċur ar na daoine ⁊ tuiscint níos fearr a fáil ar ċás na Gaeltaċta. Agus ní ḟeicim cén fáṫ naċ ḃféadfaḋ Conraiṫeoirí dul ó ċeantar Gaeltaċta go ċéile bliain indiaiḋ bliana go dtí go mbeiḋ blas iomlán na Gaeltaċta acu.

Trío is trío sílim gurb amhlaiḋ atáimid ag treaḃaḋ linn le tamall maiṫ de ḃlianta anois agus gan aird ċeart á ṫaḃairt againn ar ṫáḃaċt muintir na Gaeltaċta don aṫḃeoċan ná ar a riaċtanaí atá sé go mbeidís ag obair go tréan ar a son laistiġ agus lasmuiġ den Ġaeltaċt. Ní ḋéanfaiḋ sé sin cúis. Rinne mé tagairt ċeana don ġá a ḃí ann le treoir agus comhairle a ṫaḃairt do ṁuintir na Gaeltaċta maidir le heagar a ċur ortu féin. Aċ an t-eagar sin a ḃeiṫ ortu, áfaċ, ḃeidís féin sa rioċt ina ḃféadfaidís treoir agus comhairle a ṫaḃairt dúinne ċun an oiḋreaċt atá beo ina seilḃ acu a ċaomhnú agus a ċoṫú.

ÁRA MÓR

Diardaoin na seachtaine seo caite, thug an Dr. Sár-Oirmhineach Mac Fithchille, Tiarna Easpag Rathfó, cuairt ar Árainn Mhór. Chuir sé 32 páistí faoi láimh Easpag, i dTeach Pobail Naomh Cróna. An tionlacan an Tiarna Easpag, bhí an Canónach C. Ó Maolrianaigh, Riarthóir, Litir Ceanainn; An t-Ath. C. Mac Pháidin, S.P., Ailt an Chorráin; Dean Ó Maolbuaidh, S.P., An Clochán Liath; An t-Athair Ó Cuinneagáin, S.C., Anagaire.

Tá Eoin Ó Baoill, B.A., O.S., indiaidh filleadh ón Nigéar, an áit a raibh sé a' teagasc le coradh agus dhá bhliain, i scoltacha an mhisiúin. Chaith sé saoire lena athair agus na mháthair, Seosamh Ó Baoill, agus a bhean, Leab Garbh. Bhí a bhean leis. Tá sé indiaidh post múinteoireachta a fháil in Fairview, Baile Átha Cliath.

Tá Bean Uí Beaglaoich, O.S., Fánaid, a bhí ag teagaisc ina baile lár, ceapaithe mar cúntóir in Aphort. Thuigfeá chomh doiligh is tá sé múinteoirí a fháil do scoltacha oileáin, nuair adeirtear gurb í Bean Uí Beaglaoich, an t-ochtú múinteoir déag a ceapadh sa phost seo le 25 bliana.

Níor tosaíodh anseo ar iascaireacht na scadán go fóill, cé go bhfuil iomaraithe ag dul thart go bhfuil siad a' teacht. Tá ullmhucháin dhá dhéanamh ag na h-iascairí, agus bhí scéala deireadh na seachtaine seo caite go raibh scadáin le feiceáil, nó go bhfacthas iad thart timpeall Toraí, nó isteach imbéal na báighe. Táthar ag súil go mbeidh séasúr na scadán go maith praifaidiúil do mhuintir an Oileáin i mbliana.

Siocair an droch aimsir, tá stopadh ar fad le iascaireacht na ngliomach thart timpeall cósta Árann agus na Rosan. Tá an aimsir chomh h-olc agus gur beag obair fómhair is féidir a dhéanamh ach oiread.

UÍḂ RÁṪAĊ

Bhí cruinniú insan scoil Gairm-Oideachais, Cathair Saibhín, Dé Luain seo caite, an 13ú lá de Mheán Fhómhair. Bhí cúrsa i stáidéar sóisialach dhá bhunú insan cheantar. Bhí Oifigigh ó Coláiste Iolscoile, Corcaí, i láthair, agus thug siad míniú ar an cineál cúrsa a bhí i gceist. Bhí an cúrsa fá choinnibh grúpaí ar leith a raibh suim acu in obair ar son an phobail, agus eolaíocht sóisialach, eacnamaíocht, agus cruinnithe agus riaracháin poiblí, a bheadh i gceist. Deirtear go bhfuil roinnt mhaith daoine chun an cúrsa do dhéanamh.

Cómhghháirdeachas le Christine Ní Ghairbhaí, mic-léinn Gairm-Scoil Chathair Saibhín, a fuair post mar cló-scríobhaí san Stát Seirbhís. Agus le Roberta Ní Ealaí, Bóthar Dairbre, a bhuaigh an duais do saoire ar an mhór-roinn do bheirt, faoi cheann de na comortaisí gnótha.

Ar an Domhnach seo caite, bhí cluiche an bhreá idir Éireannaí óga Dairbre, agus Naomh Muire, Cathair Saibhín, insan chéad leathchraobh chluiche, do comortas Ciarraí theas insan peil sinsearach. Déardaoin na seachtaine seo, d'éirigh go maith le rásaí Chathair Saibhín. Tá an cathaoirleach, Liam Ó Murchú, beagnach seasca bliain ag deighleáil leis na rásaí seo anois. Le cabhair coiste óg bríomhar, ar a raibh Pádraic Mac Guidhir agus Seán Clifford, Co.C., mar Rúnaithe, chuaigh chuile rud go maith.

Cómhgháirdeachas le Gearóid Ó Grifín, a fuair seacht n-onóracha, agus Pádraic Ó Conaill, agus Antoine Ó Conaill, a fuair an árdteistiméireacht i mbliana. Is imireoir cliúteach le mionúir Chiarraí, Gearóid Ó Grifín.

An t-seachtain seo caite, pósadh Pádraig Ó Murchú, Coradh Beag, agus Treasa Ní Chonaill, Coradh Beag, i Séipéal Na Geineamhan Naofa gan Smál, Baile an Ridire. An t-Athair S. S. Ó Beaslaí, S.C., a phós iad, le Aifreann an Phósta agus Beannacht an Phápa. Micheál Falbhaigh, Port Meig Aoidh, colceathrar an fhir, agus Máire, Bean Uí Mhurchú, deirfiúr na brideoige, a sheas leo.

Cómhgháirdeachas le Máire de hÓr, Bóthar Carthain, Cathair Saibhín; Micheál Burns, 19, An Sráid Nua, Cathair Saibhín; Ian D. Ó Briain, Sráid Cárthainn; Cláir Ní Bhriain, Imleach Mhór, a ghnóthaigh scoláireachtaí Comhairle Condae, a bheir cúig-bliana saor díobha ar mheán-scoil.

Comhgháirdeachas le Seán B. Ó Sé, Cathair Dómhnaill agus Pól A. Hardy, 3, Árdán Uibh Ráthach, an Corrán. a fuair scoláireachtaí meanscoile, faoi'n Chomhairle Condae.

MÚIRIOĊ - BAILE NA NGALL

Cúis bróin insan gceantar mórṫimpeall ar fad, bás Bean Ṁuiris Uí Ḋálaiġ, le déanaí. Múinteoir scoile ab' ea í a ṫug cúig-ḃliana-déag dá saol ag múineaḋ ar scoil na Múirí. Ċaiṫ sí tamall eile i mBaile an Ḟeirtéiriġ, agus le déanaí anois, ag múineaḋ i nDúnċaoin. Fuair sí bás naofa le h-ola is le h-aiṫrí. ina ṫí féin i nDúnċaoin, áit a raiḃ sí pósta le breis is fiċe bliain, ar Ṁuiris Ó Dálaiġ, múinteoir scoile, atá marḃ le beagnaċ deiċ mbliana. Mac le Seán Ó Dálaiġ ab' ea é.

IONSAÍ EILE AR ĊOLÁISTÍ GAELTAĊTA

Tá ionsaí nua dá ḋéanaṁ ar na coláistí Gaeilge i bpáipéar Ġaeilge Ḃaile Áṫa Cliaṫ. Cuirtear gaċ uile rud ina leiṫ. Cé go ḃfuil siad ró ċúramaċ fá na scoláirí, agus ag meallaḋ scoláirí ar saoire. Gur ċumaḋ leo an Ġaeilge; naċ ḃfuil siad cúramaċ go leor fá na scoláirí.

Go gcuirtear scoláirí i dtiṫe gan Gaeilge. Go gcuirtear scoláirí i dtiṫe le Gaeilge, agus go ndéantar an Ġaeilge a ṫruailliú.

An cearr is fearr ar fad, go gcuirtear ina leiṫ go dtéann scoláirí go dtí an Ġaeltaċt agus go gcaiṫeann siad an tráṫnóna ar fad ag féaċaint ar Telefís Éireann, agus gan aon Ġaeilge le cloisint ar Telefís Éireann.

An amhlaiḋ go ḃfuil an páipéar seo, a rinne tacaíoċt le Páipéar Bán agus Údarás Telefíse, agus Roinn na Gaeltaċta, anois ag cur an milleán i bfás na telefíse, ar ṫroid luċt na Gaeltaċta ina éadan, go ḃfuil siad dá ċur mar ṁilleán ar luċt na fíor-Ġaeltaċta? Nó an amhlaiḋ go gceaptar go dtiocfaiḋ leis an fíor-Ġaeltaċt stáisiún telefíse dá gcuid féin a ḃeiṫ acu faoi ċoim.

Is aisteaċ ar fad an claonaḋ is féidir le daoine a ṫarraingt anuas orṫa féin, agus tá sin le feiceáil ag cuid de ṁuintir Ḃaile Áṫa Cliaṫ, agus páipéir Ḃaile Áṫa Cliaṫ, de ṫairḃe rud ar biṫ a ḃaineas leis an Ġaeltaċt.

Ḃí caint ar spéaclairí daite, aċ ní daite atá siad aċ duḃ, de ṫairḃe féaċaint ar rud ar biṫ ón nGaeltaċt de.

Agus is cosúil go ḃfuil na mílte punt do airgead na Gaeltaċta ag dul leis an bpáipéar seo a ċoṫaḃáil, agus le costaisí a ġlanaḋ díoḃa, sa dóiġe go dtiġ leo teaċt amaċ gaċ seaċtain.

Is aisteaċ ar fad an saol atá ann gan aon amras.

CORCA DUIḂNE

...An ḃfuil na cearca fraoċ imiṫe ó Ċorca Duiḃne ar fad? Nuair a d'oscail séasúr an Lámhaiġ, an tseaċtain seo caite, ċuaiġ fir gunnaí ar fuid an ċeantar, aċ ní ḟaca siad oiread agus aon ċearc fraoċ amháin. Ḃíoḋ siad flúirseaċ go maiṫ anseo uair, agus deirtear gurb é dóġaḋ an aiteann le blianta anuas is cúis leis an ruaiġ a ċur orṫa. Níl áit clúdaí acu anois, ná áit le neadaċa a ḋéanaṁ, adeirtear.

Fuair an Daingean 60 marc insan gcomórtas do bailte néata, i mbliana. Tá an marc seo íseal, agus níor ṁiste féaċaint cad ċuige naċ féidir an baile a ċur níos airde imeasc bailte néata na hÉireann.

Ṫug an 15 Rós cuairt ar an Daingean Dé hAoine seo caite. Ḃí an baile maisiṫe go hálainn, le scataċa agus maisiúċáin do gaċ saġas. Timpeall 9.30 ṫáiniġ cablaċ de tráiléirí isteaċ go dtí port an Daingin ó Fionntrá. Ḃí Rós Ṫráiġlí, Treasa Nic Ġiolla Easpaiġ, ar an "Árd Éireann (captóin, Pádraic Ó Curráin, as an Daingean), agus Pádraig Bán Brosnáin, Tomás Ó Brosnáin ⁊ Aindriú agus Miċeál Ó Conċubair, mar criú, agus ṫug an Rós í féin caḃair díoḃa ag stiúrú an báḋ sula dtáiniġ sé ḟad leis an Daingean. Ċuaiġ an cúigear déag isteaċ i ngluaisteáin ansin, fá ċoinniḃ an paráid suas Sráid na Trá, go dtí an tSráid Ġlas, agus an Príoṁ-Sráid. Ar árdán ansin, cuireaḋ fáilte rompa go dtí an Daingean. Tugaḋ bualaḋ bos an ṁór do Treasa Nic Giolla Easpaiġ, Rós Ṫráiġlí, agus Rós Boston, Máiréad Ní Ṡitiġ, a dtáiniġ a h-aṫair, Tomás Ó Sitiġ, ó Ḃaile an tSagairt, taoḃ amuiġ den Daingean. Ḃí fáiltiú speisialta in Óstán Benner, agus 'na ḋéiḋ sin damhsa insan Cinema.

Comġáirdeaċas le Scoil na mBráṫar, An Daingean, as ċom maiṫ agus a d'éiriġ leo in scrúdúċáin Árd-teistiméireaċta i mbliana. Fuair gaċ duine den 17 a ḃí istiġ pás, agus fuair oċtar díoḃa onóraċa. Glaoḋ ar Seán Ó Máirtín, Seosaṁ Ó Tuaṫail, Seán Ó Laoire, Tomás Ó Duḃda, Miċeál Ó Cinnéide, Seán Ó Laoi, agus Colm Ó Domhnaill, ċun Coláiste Oiliúna Múinteoirí. Fuair Tadġ Ó Conċubair, Pádraic Ó Brosnaċáin, Pádraic Ó Laoċta, Pádraic Ó Súilleaḃáin, Seán de Prendeḃille, Seán Ó Sé, Breandán Mac Gearailt. Simon Ó Cíoṁáin agus Risteárd Mac Eoin, postanna insan Stát-Seirḃís. D'éiriġ le Tomás Ó Duḃda agus Tomás S. Breaṫnaċ, scoláireaċtaí talṁaíoċta a ḟáil, agus fuair beirt scoláireaċtaí Gaeltaċta.

Ar na scoláirí ó Ċorca Duiḃne a ġnóṫaiġ scoláireaċtaí meánscoile ón Ċomhairle Condae, ḃí Máire Ní Ṁurċú, Sráid na Trá. An Daingean, Siuḃán Curtis, Col-áiste Íde, Daingean, Máire Ní Ṡúilleaḃáin, 4. An Sráid Liaṫ, An Daingean, Eilís Ní Ṁórḋa, An Sráid Ġlas, An Daingean, Séamas Mic Cionnaiṫ, Sráid Dyke Gate, An Daingean, Pádraic B. Lobaiṫ, Leaṫṫaoḃ Mór, Baile an Ḟirtéiriġ. Comġáirdeaċas leo agus lena gcuid múinteoirí.

Ag féile an Daingean Dé hAoine agus Dé Saṫairn seo caite, rannaḋ an duais £30 do ṫiṫe taḃairne ceoil, ar sé ġrúpaí: Muintir Flaiṫim, Sráid na Trá; Pádraig Bán Brosnáin, Sr. na Trá; Muintir Sioċfraḋa, An Príoṁ Sráid, Muintir Ó Sé, An Bóṫar Spa; Muintir Flaiṫeartaiġ, Sráid an Droiċid agus Muintir Nóra Uí Ċinnéide, Sráid na Trá. I mBéarla, de réir cosúlaċta, a ḃí ainmneaċa agus ceol na ngrúpaí go léir.

BAINḞEIS GAELAĊ I MBÉAL FEIRSTE

Diardaoin, 26ú Lúnasa, pósaḋ beirt ḃall de ċuid Ċumann Ċluain Árd i dTeaċ Ṗobail Naoṁ Iosep, i mBéal Feirste.

Feargal Ó Cearḃalláin agus Máire Nic Ṫiarnáin an lánúin agus ba iad Seán Ó Cearḃalláin. deartáir Ḟeargail, agus Bríd Nic Ṫiarnáin, deirfiúr na brideóige a ḃí a' seasaṁ daofa. An taṫ. Feargus Ó Sioradáin, atá ina Ṡéiplíneaċ san Oṫarlainn Ríoga, a léiġ Aifreann a' Ṗósta. Ḃí scaifte mór ar a' ṗósaḋ agus ar a' ḃainis ina ḋiaiḋ sin i dTeaċ Ósta Ċnoc na gCoinín, agus ina measc siúd ḃí cuid ṁór de ḃaill Ċluain Árd agus de Ġaeilgeoirí eile. Ṁair an spóirt agus a' ċuideaċta an tráṫnóna uilig fiú indiaiḋ don lánúint imeaċt ar mí na meala a ṫaḃairt turais ṫart ar Éirinn. Sinne a ḃí sa láṫair, ḃí scoiṫ ama againn agus lá naċ ndéan muid dearmad in aiċiorraċt dó. Agus guímid ráṫ Dé ar an lanúin óiġ agus iad a ḋul i gceann a tsaoil úir.